Údarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara

Tuarascáil Bhliantúil 2016

An tIonad Náisiúnta Bia Mara, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, Éire

Teileafón: +353 23 8859500 Facs: +353 23 8821786

Ríomhphost: fleetregister@agriculture.gov.ie www.agriculture.gov.ie

Údarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara
Tuarascáil Bhliantúil 2016

Tuarascáil chun an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara sa bhliain 2016, de bhun Alt 3(7) den Acht Iascaigh (Leasú) 2003.

Réamhrá

De bhun Alt 3 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (Uimh. 21 de 2003), aistríodh feidhm cheadúnaithe bád iascaireachta mara chun an Údaráis Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara le héifeacht ón 1 Iúil 2003.

Mar a leagtar amach san Acht sin, is é an tÚdarás Ceadúnúcháin an tArd-Chláraitheoir um Báid Iascaireachta nó an Leas Ard-Chláraitheoir um Báid Iascaireachta, faoi mhaoirseacht an Ard-Chláraitheora.

Cheap an tAire an tArd-Chláraitheoir agus an Leas Ard-Chláraitheoir de bhun an Achta Iascaigh Mara 2006 (Uimh.8 de 2006). Is é an tUas. Kevin Moriarty an tArd-Chláraitheoir agus is í an Dr. Deirdre Kelleher an Leas Ard-Chláraitheoir. Is oifigigh iad beirt de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá an tÚdarás Ceadúnúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, faoi réir na reachtaíochta reatha atá i bhfeidhm maidir le ceadúnúchán soithí iascaigh mara, lena n-áirítear aon oibleagáidí dlíthiúla a bheadh ar an Stát de bhun dlí institiúide ar bith de chuid na gComhphobal Eorpach nó de bhun comhaontaithe idirnáisiúnta eile atá ina cheangal ar an Stát, agus Treoracha Beartais ón Aire.

Achoimre Feidhmiúcháin

Is é Ráiteas Misin an Údaráis Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara "*córas ceadúnúcháin agus cláraithe atá trédhearcach, cothrom agus soláimhsithe a sholáthar do bháid iascaireachta mara agus cinntiú go gcomhlíontar uasteorainneacha agus ceanglais tuairiscithe na gcabhlach iascaireachta de réir mar atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach*". Tá sé d'aidhm leis an gcóras ceadúnúcháin agus clárúcháin é a bheith mar bhuntaca d'fhorbairt ar chabhlach nua-aimseartha, sábháilte atá dea-fheistithe chun na cuótaí gabhálacha a d'fhéadfadh bheith ar fáil a uasmhéadú chun leasa úinéirí na soithí iascaigh, a bpobal áitiúil, agus an gheilleagair i gcoitinne.

Ba bhliain ghnóthach eile í an bhlian 2016 don Údarás Ceadúnúcháin. Thíos luaite tá achoimre ar phríomhobair an Údaráis Ceadúnúcháin:

- Sa bhliain 2016, bhí 312 iarratas nua ar an iomlán ar cheadúnas báid iascaireachta mara, sin méadú de 63 ar na hiarratais a fuarthas sa bhliain 2015.
- Tugadh ceadúnas agus cláraíodh 251 soitheach iascaireachta ar an iomlán sa bhliain 2016 as iarratais nua ceadúnais a fuarthas. Ba mhéadú de 27 é seo ar an méid a bhí ann sa bhliain 2015.
- Rinneadh athnuachan ar cheadúnais do 1,746 soitheach iascaireachta sa bhliain 2016. Ba mhéadú de 27 é seo ar an méid a bhí ann sa bhliain 2015.
- Ba 2,092, líon na soithí iascaireachta a bhí cláraithe i gcabhlach na hÉireann faoi dheireadh na bliana 2016, sin laghdú 0.95% ar fhigiúr na bliana 2015.
- Ba 62,781OT (olltonnáiste) agus 190,344kW cumas iomlán ar chlár chabhlach na hÉireann (lena n-áirítear soithí Dobharshaothraithe), arna sonrú de réir olltonnáiste, tomhas toirte, agus cileavatanna, tomhas chumhacht an innill agus ba mhéadú de 0.84% agus 0.04% é seo faoi seach ar fhigiúir na bliana 2015.
- Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí 16,671OT agus 14,503kW san iomlán nach raibh cláraithe, .i.e. a bhí coinnithe i gcuntas an úinéara agus ar fáil le húsáid mar chumas athsholáthair ach nach raibh sannta do shoitheach. De réir beartais reatha um cheadúnú bád iascaireachta mara, ní bhíonn cumas nach bhfuil cláraithe ar feadh dhá bhliain nó níos mó ar fáil a thuilleadh le húsáid mar chumas athsholáthair.
- Níor eisigh an tAire aon Treoir nua maidir le Beartas chuig Údarás an Ard-Chláraitheora le linn na bliana 2016.
- Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt isteach an tAcht Loingis (um Chlárúchán Long) 2014 ar an 25/12/14 agus tá sé seo faoi réir chun teacht i bhfeidhm ag ordú um thosach feidhme. Beidh impleachtaí praiticiúla agus dlíthiúla faoi bhun an Achta seo maidir le ceadúnú agus clárú bád iascaireachta mara trí chéile.
- Tá bunús dlí agus riachtanais don chabhlach san áireamh sa Rialachán Rialaithe de chuid an AE (Rialachán 1224/2009 ón gComhairle agus Rialachán Forfheidhmiúcháin 404/2011) maidir le monatóireacht, deimhniúchán agus fíorúchán chumhacht an innill, agus córas pointí pionóis á bhunú ann do choireanna tromchúiseacha iascaigh. Ceanglaíonn an tÚdarás um Chosanta Iascaigh Mara ar an Údarás Ceadúnúcháin taifead a dhéanamh ar phointí, más ann dóibh, i leith soithigh ar bith, in aghaidh sealbhóir an cheadúnais agus chumas an tsoithigh. Rinneadh taifead ar sháruithe tromchúiseacha i leith aon soithigh amháin faoi Rialacháin an AE (Comhbheartas Iascaigh) (Córas Pointí) 2016 (I.R. Uimh. 3 de 2014). Níor taifeadadh aon phointí in 2016 faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Comhbheartas Iascaigh) 2016 (I.R. Uimh. 125 de 2016).

Cuid 1–Forbhreathnú ar an Reachtaíocht a bhaineann le Ceadúnú agus Clárú

1.1 Reachtaíocht Náisiúnta

Tá an reachtaíocht a rialaigh céadúnú bád iascaireachta mara in 2016 leagtha síos in alt 4 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 ("Acht 2003 "), (arna chur isteach le halt 97 den Acht Iascaigh Mara agus Dlínse Muirí 2006).

Tá an reachtaíocht a rialaigh clárú bád iascaireachta mara in 2016 leagtha síos in ailt 74 go 80 agus in alt 100 den Acht Iascaigh Mara agus Dlínse Muirí 2006, agus sna Rialacháin faoi Loingeas Ceannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaigh) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005).

Forálann Acht 2003 go mbeidh an tÚdarás Ceadúnúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú a dhualgas faoi réir –

(a) an dlí atá i bhfeidhm ag an am i leith ceadúnaithe bád iascaireachta mara, lena n-áirítear go háirithe, aon oibleagáid dhlíthiúil a bheadh ar an Stát de bhun dlí institiúide ar bith de chuid na gComhphobal Eorpach nó de bhun comhaontú idirnáisiúnta eile atá ina cheangal ar an Stát, agus
(b) treoracha beartais ar bith i leith ceadúnaithe bád iascaireachta mara a d'fhéadfadh an tAire a thabhairt ó am go chéile.

Forálann Acht 2003 gur féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí de chuid an Údaráis Ceadúnúcháin faoi iarratais ar cheadúnais, nó faoi leasú nó cúlghairm ceadúnais, le hOifigeach neamhspleách Achomhairc, go ceann míosa ón uair a rinneadh an cinneadh, an leasú nó an chúlghairm. Is féidir le duine atá míshásta le cinneadh an Oifigigh Achomhairc iarratas a chur isteach chun na hArd-Chúirte ar Athbhreithniú Breithiúnach go ceann 3 mhí ó dháta an chinnidh.

Cuireann na Rialacháin Loingis Cheannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005) an dlí i gcomhréir le riachtanais an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le tomhas tonnáiste agus toisí bád iascaireachta, agus leasaigh siad chun dáta na gnáthaimh a bhaineann le clárú bád iascaireachta. Shonraigh na Rialacháin freisin nach foláir táscairí deighleoige a mharcáil ar cheann soithí a cláraíodh i ndeighleoga áirithe den chabhlach (Fo-dheighleog na hIascaireachta Pota agus Deighleog an Dobharshaothraithe) mar aon le Cód an Chalafoirt agus an Uimhir Chláraithe.

1.2 Reachtaíocht ón Aontas Eorpach (AE)

Chomh maith leis an reachtaíocht náisiúnta agus Treoracha Beartais an Aire, tá ról nach beag ag dlí an AE i mbainistíocht cabhlach iascaireachta mara na hÉireann, mar is léir ó fhorálacha Acht 2003 dá dtagraítear thuas.

Éilíonn Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dár dáta an 11 Nollaig 2013 de réir an Chomhbheartais Iascaigh go gcuirfidh gach Ballstát bearta i bhfeidhm le cumas iascaigh a gcabhlaigh a chur in oiriúint ar chaoi gur féidir cothromaíocht sheasmhach mharthanach a bhaint amach idir an cumas sin agus na deiseanna iascaigh le himeacht aimsire, ag cur treochtaí san áireamh agus é seo bheith bunaithe ar an dea-chleachtas eolaíochtúil is fearr. Leag an Rialachán síos Uasteorainn Acmhainne Iascaireachta na hÉireann ón 1 Eanáir 2014. Sonraítear an Uasteorainn de réir olltonnáiste (OT) agus cumhacht an innill (cileavatanna– kW) do chumas iomlán iascaireachta na soithí iascaigh a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu. Éilítear ar gach Ballstát a chinntiú nach sáraítear in am ar bith, ón 1 Eanáir 2014 i leith, an Uasteorainn Acmhainne Iascaireachta atá leagtha síos. Baintear seo amach trí bhainistiú a dhéanamh ar iontrálacha ina gcabhlach agus scoireanna óna gcabhlach sa chaoi is go mbeidh gach iontráil acmhainne nua sa chabhlach, gan chúnamh poiblí, á cúiteamh, leis an scoir acmhainne roimhe den méid céanna acmhainne ar a laghad, gan chúnamh poiblí arís. Tugtar "córas isteach/amach" ar an sásra seo."

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 leagtar síos ansin freisin forálacha a bhaineann le cláir de chabhlaigh iascaireachta á gcoimeád ag Ballstáit chomh maith le Clár Chabhlach an Chomhphobail, agus bhí eolas ann arna sholáthar ag Ballstáit maidir le saintréithe agus gníomhaíocht soithí.

Sa tuarascáil seo léirítear staid chabhlach na hÉireann sa bhliain 2016.

1.3 Treoracha Beartais de chuid an Aire

Leagtar amach, i dTreoir Beartais 2/2003, a d'eisigh an tAire ar an 17 Samhain 2003 chun an Údaráis Ceadúnacháin de réir Alt 3(2)(b) d'Acht 2003, beartas foriomlán ceadúnúcháin maidir le báid iascaireachta mara. Tugadh isteach an beartas seo i bhfianaise rialacha bainistíochta chabhlach an AE ag an am (2003) agus tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar staid chabhlach iascaireachta na hÉireann agus ar a chumas dá réir.

Idir 2004 agus 2016 d'eisigh an tAire dáréag Treoir Beartais eile chun an Údaráis Ceadúnúcháin (Féach Aguisín 1).

Níor eisíodh aon Treoir Beartais nua sa bhliain 2016.

Is féidir téacsanna na dTreoracha Beartais uilig a eisíodh chun an Údaráis Ceadúnúcháin a léamh ar shuíomh gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (www.agriculture.gov.ie).

Cuid 2 - Cuntas ar Chabhlach Iascaireachta na hÉireann sa bhliain 2016

2.1 Deighleoga an Chabhlaigh

Faoi láthair tá Cabhlach Iascaireachta na hÉireann foroinnte ina chúig dheighleog, de bhun Threoir Beartais an Aire 2/2003, arna leasú le Treoir Beartais 1/2006 agus Treoir Beartais 1/2011 agus Treoir Beartais 2/2011. Tá dhá cheann as an gcúigear deighleog, a bhfuil cur síos orthu thíos, fo-rangaithe arís.

Ní cheadaítear aistriú cumais idir na deighleoga ná idir na fo-dheighleoga. Ní mór cumas "athsholáthair" a bhaint, mar chúiteamh, den deighleog nó den fho-dheighleog ina bhfuil soitheach á thabhairt isteach. Tugtar "an córas isteach/amach" air sin agus bunaíodh an córas seo ar an 1 Eanáir 2003 faoi Rialachán 2371/2002 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Rinneadh Rialachán 2371/2002 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh a aisghairm agus a athchur, le Rialachán Uimh. 1380/2013 (AE) de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar an 11 Nollaig 2013 faoin gComhbheartas Iascaigh, ón 1 Eanáir 2014 (féach cuid 1.2).

Tá cuntas ginearálta ar dheighleoga an chabhlaigh agus ar a gcomhdhéanamh ag deireadh 2016, anseo thíos:

- *Deighleog Pheiligeach Sáile Cuisniúcháin:* Bhí 23 soitheach sa deighleog seo a bhí ag plé go mór mór le speicis pheiligeacha (scadáin, ronnaigh, bolmáin Atlantacha, faoitíní gorma agus torciasc go príomha). Bíonn na soithí sa deighleog Sáile Cuisniúcháin sa raon toisithe ó 27.35 méadar go 71 méadar ar fad ar an iomlán, ó 325OT go 1,988OT i dtoirt agus ó 522kW go 3,840kW i gcumhacht innill.

- *Deighleog na dTrálaer Bíoma:* Bhí 11 soitheach sa deighleog seo, agus bíonn siad i mbun trálaeireachta bíoma. Níl sé ceadaithe soithí sa deighleog seo a úsáid ach amháin in iascaireacht le trálaer bíoma, agus díríonn siad ar speicis ghrinnill, lena n-áirítear leathóga, sóil, turbaird srl. Téann raon toisithe na soithí ó 5.74 mhéadar go 28.05 méadar ar fad ar an iomlán, ó 1.1OT go 196OT i dtoirt agus ó 30kW go 474kW i gcumhacht innill.

- *Deighleog Ilfhiúsach:* Tá 1,814 soitheach iascaigh sa deighleog seo, bunáite mhór an chabhlaigh iascaireachta mara. Soithí ilfhiúsacha ilfheidhmeacha iad agus áirítear orthu soithí beaga cladaigh (eangaí agus potaí), agus soithí meánmhéide nó móra a bhíonn ag díriú ar iasc geal, iasc peiligeach agus ar mhoilisc dhébhlaoscacha. Téann raon toisithe na soithí sa deighleog seo ó 3.06 mhéadar go 38 méadar ar fad ar an iomlán, ó 0.19OT go 469OT i dtoirt agus ó 0kW go 1,119kW i gcumhacht innill. Tá ceithre fho-dheighleog sa deighleog seo:

- soithí faoi bhun 18 méadar ar fad ar an iomlán
- soithí atá cothrom le nó os cionn 18méadar ar fad ar an iomlán
- an fho-dheighleog "muiríní"– soithí atá cothrom le nó os cionn 10 méadar ar fad ar an iomlán agus a bhfuil cuntas teiste cáilitheachta in iascach muiríní acu, mar atá sainithe i dTreoir Bheartais ón Aire 1/2006, arna leasú ag Treoir Bheartais ón Aire 1/2011 agus 2/2011
- an fho-dheighleog Iascaireachta Potaí– soithí atá ceadúnaithe agus cláraithe faoin "Scéim Potaí[1]".

- *Saindeighleog:* Bhí 143 soitheach iascaigh sa deighleog seo, a gceadaítear dóibh iascaireacht a dhéanamh ar mhoilisc dhébhlaoscacha agus ar speicis dhobharshaothraithe. Tá dhá fho-dheighleog ann:
  - Fo-dheighleog muiríní–soithí a dtéann a raon toisithe ó 10 méadar ar fad ar an iomlán agus a bhfuil cuntas teiste cáilitheachta in iascach muiríní acu, mar atá sainithe i dTreoir Bheartais ón Aire 1/2006, arna leasú le Treoir Bheartais ón Aire 1/2011 agus 2/2011
  - Fo-dheighleog ghinearálta shainiúil – bíonn raon toisí na soithí sa deighleog seo ó 6.61 mhéadar go 35.59 mhéadar ar fad ar an iomlán, ó 1.39OT go 187OT i dtoirt agus ó 9.7kW agus 560kW i gcumhacht innill.

- *Deighleog an Dobharshaothraithe:* Níl an deighleog seo, ina raibh 101 soitheach arbh ionann a gcumas iomlán 3,496OT agus 10,445 kW faoi réir an chórais isteach/amach a ndéantar cur síos air i gcuid 1.2. Ní cuid d'Uasteorainn Acmhainne Iascaireachta na hÉireann, mar a leagadh síos é ón 1 Eanáir 2014, é cumas Dheighleog an Dobharshaothraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 11 Nollaig 2013 faoin gComhbheartas Iascaigh. Ní mór soithí atá ceadúnaithe sa deighleog seo a úsáid chun ceantar dobharshaothraithe a bhainistiú, a fhorbairt agus a chothabháil agus lena aghaidh sin amháin agus féadfaidh siad sceathrach a bhailiú ó phóir diúilicíní fiáine mar chuid de sheirbhís d'fhearais dhobharshaothraithe, faoi réir srianta áirithe, mar a leagtar síos i gcomhthéacs Rialachán Uimh. 1380/2013 de chuid an Aontais Eorpaigh.

Bíonn raon toisí soithí i ndeighleog an dobharshaothraithe ó 4.38 mhéadar go 49.07 méadar ar fad ar an iomlán, ó 0.57OT go 561OT i dtoirt agus ó 7.30kW agus 748kW i gcumhacht innill.

1 Tugadh isteach an Scéim um Cheadúnú Bád Traidisiúnta Iascaireachta Potaí i gCabhlach Cladaigh na hÉireann sa bhliain 2003 chun rialú a dhéanamh ar shuíomh líon substaintiúil soithí faoi bhun 12 mhéadar a bhí ag gabháil d'iascaireacht photaí. Ní mór do shoithí atá san fho-dheighleog seo iascaireacht a dhéanamh le potaí amháin agus ní cheadaítear dóibh díriú ar speicis cuótaí. Bronntar cumas na soithí orthu saor in aisce; níl sé incháilithe áfach, mar chumas athsholáthair in aon deighleog nó in aon fho-dheighleog eile den chabhlach agus ní féidir é a thrádáil, a aistriú nó a úsáid ar aon bhealach eile. Is féidir, áfach, an ceadúnas, a aistriú chuig neasghaol den teaghlach.

2.2 Uasteorainn Acmhainne Iascaireachta

Leagadh síos Uasteorainn le haghaidh Acmhainne Iascaireachta na hÉireann ón 1 Eanáir 2014 agus tá sé seo socraithe ag **77,568OT** agus **210,083kW** faoi Rialachán (AE) Uimh.1380/2013 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar an 11 Nollaig 2013 faoin gComhbheartas Iascaigh. Ríomhtar an Uasteorainn acmhainne trí Leibhéal Tagartha na hÉireann, a socraíodh ar an 1 Eanáir 2003 i Rialachán 2371/2002, de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh a ghlacadh agus aon ardú tonnáiste faoi bhun na bhforálacha "tonnáiste sábháilteachta" a bhain leis an 31 Nollaig 2013 a chur isteach, agus asbhaintí tonnáiste arna mhaoiniú le hairgead poiblí, mar shampla faoi Scéimeanna Díchoimisiúnaithe a thógáil amach as na Leibhéil Thagartha. Is í Uasteorainn an chabhlaigh an bhunlíne ar a n-oibrítear an córas isteach-amach.

Mar seo sa tábla thíos a bhí staid chumais chabhlach na hÉireann ar an 1 Eanáir 2016 agus ar an 31Nollaig 2016:

Táble 1: Staid Chumais Ioingeas na hÉireann 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016

Deighleog	Líon na Soithí		OT		kWs	
	Ean.-16	Noll.-16	Ean.-16	Noll.-16	Ean.-16	Noll.-16
Ilfhiúsach	1,833	1,814	31,481	32,329	117,388	118,198
Deighleog Pheiligeach (Sáile Cuisniúcháin)	23	23	23,404	23,566	46,597	46,597
Trál Bíoma	11	11	1,059	1,059	2,745	2,745
Saindeighleog	140	143	2,445	2,331	12,409	12,359
Iomlán	**2,007**	**1,991**	**58,389**	**59,285**	**179,139**	**179,899**
Dobharshaothrú	105	101	3,869	3,496	11,135	10,445

2.3 Cumas Nach Bhfuil Cláraithe (i.e. Olltonnáiste agus cileavatanna)

Is sócmhainn faoi úinéireacht phríobháideach atá sa chumas, i bhfoirm olltonnáiste agus cileavatanna, agus is féidir é a thrádáil ar an margadh tonnáiste, margadh nach bhfuil aon ról ag an Údarás Ceadúnúcháin ann. Coinnítear cumas nach bhfuil sannta ar shoitheach faoi láthair, is é sin cumas nach bhfuil cláraithe, i gcuntas an úinéara agus is féidir é a úsáid mar chumas athsholáthair chun soitheach a cheadúnú agus a chlárú, nó, i gcásanna eisceachtúla, is féidir é a dhiúscairt trína dhíol nó trí mhodhanna eile de réir mar a fheileann don úinéir.

Faoi dheireadh na bliana 2016 bhí 16,670 olltonnáiste (OT) agus 14,503 cileavatanna (kW) san iomlán nach raibh cláraithe.

As an méid iomlán de 16,670OT nach raibh cláraithe, ba speicis pheiligeacha sáile cuisniúcháin a bhí i 12,541OT agus ba ilfhiúsach go príomha a bhí san iarmhéid de (4,129OT), agus bhí líon an-bheag de shaindeighleog agus de thrálaer bíoma ann.

Maidir le kW, bhí 1,174 de speicis pheiligeacha san áireamh sa 14,503kW ar an iomlán agus ba ilfhiúsach go príomha sa bhí san iarmhéid de 13,329kW agus arís bhí líon an-bheag de shaindeighleog de thrálaer bíoma ann.

2.4 "An Riail Dhá-Bhliain"

Tagann cumas nach bhfuil cláraithe faoi réir "An Riail 2-Bhliain", mar a thugtar uirthi. Sonraítear sa Treoir maidir le Beartas 2/2003 ón Aire i mí na Samhna 2003, inter alia, go gcaitear cumas a bhaintear de Chlár na mBád Iascaireachta a thabhairt ar ais ar an gClár laistigh de 2 bhliain ón am ar baineadh de é, sin nó caillfidh an t-úinéir a theideal ina leith.

Déantar eisceacht de chumas a bhronntar faoin Scéim um Cheadúnú Bád Traidisiúnta Potaí i gCabhlach Cladaigh na hÉireann. Faoi réir na Scéime seo ní féidir trádáil, aistriú nó aon rud eile a dhéanamh le cumas an bháid nó le ceadúnas an bháid. Ceadaítear faoin scéim seo, áfach, an ceadúnas a aistriú chuig neasghaol den teaghlach (i.e. céile, athair, máthair, deartháir, deirfiúr nó mac nó iníon). Caillteár an cumas má dhéantar díchlárú ar shoitheach potaithe agus mura molann an t-úinéir nó neasghaol den úinéir (i.e. céile, athair, máthair, deartháir, deirfiúr nó mac nó iníon) soitheach athsholáthair.

2.5 Soitheach Iascaireachta a bhaint de Chlár na mBád Iascaireachta

Forálann Alt 75 den Acht Iascaigh Mara agus Dlínse Muirí 2006 *"the Registrar General may, in the interest of proper management of the capacity of Irish sea-fishing boats, enter a sea-fishing boat in the Register or remove it from the Register"*. Cé go mbaineann tromlach na soithí iascaireachta a bhaintear de Chlár na mBád Iascaireachta le hiarratais dheonacha a dhéanann úinéirí na soithí, tá sé de chumhacht ag an Ard-Chláraitheoir faoi na Rialacháin Loingis Cheannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaigh) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005) soitheach a bhaint den Chlár go héigeantach ar chúinsí áirithe (e.g. má scorann an t-úinéir den iascaireacht trádála, má théann an soitheach go tóin poill, má athraíonn úinéir an tsoithigh srl.) gan iarratas ó úinéir an tsoithigh. Is féidir leis an Ard-Chláraitheoir, trí fhógra scríofa, deis a thabhairt d'úinéir an tsoithigh aighneacht a dhéanamh laistigh de 30 lá den fhógra faoi na cúinsí a bhaineann leis an mbád agus aighneachtaí mar sin a chur san áireamh agus sa chás nach déantar aon iarratas chun bád a bhaint i gcás athrú úinéireachta, is féidir leis an Ard-Chláraitheoir an bád a bhaint den Chlár.

Bíonn athbhreithniú rialta ar siúl ag an Údarás Ceadúnúcháin ar an gClár chun soithí cláraithe a aithint agus chun gníomhú i gcás a mbíonn soithí ann a bhfuil a gceadúnas iascaireachta bád imithe in éag. Faoin athbhreithniú seo sa bhliain 2016, rinneadh díchlárú éigeantach ar 21 soitheach agus díchlárú deonach ar 12 soitheach.

2.6 Treochtaí i gcumas chabhlach na hÉireann ón mbliain 2003 ar aghaidh.

Léiríonn na graif thíos an forás atá tagtha ar chabhlach na hÉireann i dtéarmaí olltonnáiste agus cumhacht innill araon idir an tréimhse ó 2003 go deireadh mhí na Nollag 2016. Chuir Coimisiún na hEorpa na graif seo ar fáil ó shonraí a chuir an tÚdarás Ceadúnúcháin ar fáil don roghbhlúire ráithiúil ar chabhlach an AE agus tá siad curtha ar fáil arís anseo thíos le cead ón gCoimisiún.



Cuid 3–Gníomhaíochtaí an Údaráis Ceadúnúcháin sa bhliain 2016

3.1 Iarratais ar Cheadúnais

Fuarthas 312 iarratas san iomlán ar cheadúnais do bháid iascaireachta mara i rith na bliana 2016; tarraingíodh siar 11 díobh seo ina dhiaidh sin. Léirítear sa léaráid thíos an céatadán de na hiarratais ar cheadúnais de réir deighleoige -



Ní foláir iarratas nua ceadúnais i ngach cás ina mbíonn:

- soitheach iascaigh nua nó athsholáthar soithigh ag teacht isteach sa chabhlach
- athrú ar úinéireacht soithigh
- úinéir ag iarraidh cineál an cheadúnais a athrú
- an cumas á aistriú ó shoitheach iascaigh amháin go soitheach iascaigh eile
- cumas soithigh á athsholáthar, go hiomlán nó cuid de, le cumas é a bhaint den chlár.

Nuair a thagann iarratas ceadúnais isteach eisítear litir cheadúnaithe ina dtugtar eolas faoi na coinníollacha faoin gceadaítear ceadúnas sa chas áirithe sin. Nuair a chomhlíontar na coinníollacha ar fad, eisítear ceadúnas neamh-oibríoch chun deis a thabhairt an soitheach a chlárú. Ansin nuair a bhíonn an próiseas clárúcháin críochnaithe, eisítear ceadúnas iomlán oibríoch bád iascaireachta agus deimhniú clárúcháin.

Faoi phlean seirbhíse custaiméirí an Údaráis Ceadúnúcháin caitear litir thairisceana ar cheadúnas a eisiúint laistigh de 3 seachtaine ón dáta a bhfuarthas an t-iarratas comhlánaithe. Baineadh an sprioc seo amach i ngach cás sa bhliain 2016.

Bíonn litir thairisceana ar cheadúnas bailí ar feadh bliain amháin ón dáta a n-eisítear í, chun go leor ama a thabhairt don iarratasóir na riachtanais a chomhlíonadh. Eisíodh 294 litir thairisceana ar cheadúnas sa bhliain 2016.

Eisíodh 137 ceadúnas neamh-oibríoch le linn na bliana ar an iomlán chun cabhrú le húinéirí na soithí a bhí i gceist iad a chlárú agus chun iad bheith ceadúnaithe le dul i mbun iascaireachta.

Eisíodh ceadúnas agus deimhniú clárúcháin do 251 soitheach le linn na bliana 2016 ar iarratais nua iad, tar éis do na hiarratasóirí na riachtanais ceadúnaithe agus deimhnithe is gá a chomhlíonadh.

3.2 Athnuachan Ceadúnas

Go ginearálta, déanann an tÚdarás Ceadúnúchain athnuachan ar cheadúnais bád iascaireachta mara ar bhonn bliantúil. Mar ullmhúchán don athnuachan, déantar taifead gach bád iascaigh a iniúchadh le cinntiú go mbeidh deimhniú sábháilteachta reatha ag gach soitheach iascaigh faoi dháta na hathnuachana. Cé gurb é freagracht úinéir an bháid iascaireacha é a chinntiú go bhfuil deimhniú sábháilteachta an tsoithigh iascaigh chun dáta, cuirfidh an tÚdarás Ceadúnúcháin úinéirí ar an eolas má bhíonn an deimhniú sábháilteachta as feidhm roimh an dáta athnuachana, mar go bhfuil cosc dlíthiúil ar an Údarás Ceadúnúcháin ceadúnas a thabhairt nó a athnuachan mura mbíonn deimhniú sábháilteachta cuí i bhfeidhm don soitheach iascaigh ar an lá a dtugtar ceadúnas nó athnuachan ar cheadúnas.

Rialachán agus Deimhniú Sábháilteachta (i.e. Dearbhú Comhlíonta leis an gCód Cleachtais do shoithí iascaireachta atá idir 15 mhéadar ar fad iomlán agus 24 mhéadar ar fad cláraithe; Deimhniúcháin Chomhlíonta do shoithí atá níos mó ná 24 mhéadar ar fad cláraithe) faoi bhainistíocht Oifig na Suirbhéireachta Muirí de chuid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

De bharr gur riachtanas é an ceadúnas a iompar ar bord an tsoithigh, cuirtear lannú ar gach ceadúnas sula n-eisítear é.

Athnuadh Ceadúnais na mBád Iascaireachta Mara do 1,250 soitheach iascaigh faoi bhun 15 mhéadar ar fad san iomlán i mí an Mheithimh 2016.

Athnuadh ceadúnais do 34 soitheach iascaigh thar 24 mhéadar san iomlán ar fad cláraithe i mí an Mheithimh 2016 freisin.

Athnuadh ceadúnais do 158 árthach iascaigh idir 15 mhéadar ar fad san iomlán cláraithe agus 24 mhéadar ar fad cláraithe i rith na bliana 2016. Eisíodh na ceadúnais de réir Deimhnithe Sábháilteachta na Soithí Iascaireachta. Mar gheall go bhfuair cuid de na soithí dhá cheann nó níos mó de Dheimhnithe Sábháilteachta eatramhacha/ gearrthéarmacha le linn na bliana, bhí ar an Údarás athnuachan a dhéanamh ar roinnt ceadúnas níos mó ná uair amháin le linn na bliana 2016.

Athnuadh ceadúnais do 281 árthach iascaigh faoin Scéim um Cheadúnú Bád Iascaireachta Potaí i Loingeas Cladaigh na hÉireann i mí Aibreáin 2016.

Athnuadh ceadúnais i gcás 23 soithí iascaigh sa deighleog pheiligeach sáile cuisniúcháin i mí na Nollag 2016.

3.3 Clár Cabhlaigh de chuid an AE a Thuairisciú

Tháinig córas tuairiscithe nua an AE ar Chláir Chabhlaigh i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2004. Cuireann an córas seo de cheangal ar gach Ballstát "pictiúr" a chur go leictreonach chuig an gCoimisiún Eorpach (DG MARE), uair in aghaidh na ráithe, dá loingeas iascaireachta a thabharfaidh na sonraí a leagtar síos i Rialachán 26/2004 de chuid an Choimisiúin i ndáil le gach árthach ina bhunachar sonraí. Chuir an tÚdarás Ceadúnúcháin na pictiúir seo ar aghaidh i mí an Mhárta, mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2016 mar a theastaigh. Déanann Coimisiún an Aontais Eorpaigh réiteach ar na sonraí le cinntiú, inter alia, go mbíonn an soitheach iascaigh deimhnithe ag an am le cabhlach aon Bhallstáit amháin.

Bhí Tionscadal nua Cabhlaigh de chuid an AE, a bhain le gabháil sonraí agus á dtuairisciú chuig an gCoimisiún, ag dul ar aghaidh le linn na bliana 2016. Tá an Tionscadal seo fós ag dul ar aghaidh.

3.4 Suíomh Gréasáin

De réir Alt 3(8) den Acht Iascaigh (Leasú) 2003, lean an tÚdarás Ceadúnúcháin ag cur faisnéise, a nuashonraítear go rialta, faoi iarratais agus chinntí ar cheadúnais, ar shuíomh gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i rith na bliana 2016 (www.agriculture.gov.ie).

3.5 Achomhairc

Faoin Acht Iascaigh (Leasú) 2003, tá iarratasóirí ar cheadúnais bháid iascaireachta mara i dteideal achomharc a iarraidh in aghaidh chinneadh an Údaráis Ceadúnúcháin maidir lena n-iarratas. D'fhóin Emile Daly Uasal, BL, ina hOifigeach Achomhairc Neamhspleách le linn na bliana 2016 [arna cheapadh ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Alt 6 den Acht].

Le linn na bliana 2016, iarradh dhá achomharc chuig an Oifigeach Achomhairc a bhain le cumas athsholáthair a bheith as dáta. Ní dhearnadh aon chinneadh achomhairc le linn na bliana agus níor tarraingíodh siar aon chinneadh. Faoi dheireadh na bliana 2016 bhí 5 achomharc ar feitheamh. Foilsíodh ainmneacha na n-achomharcóirí agus cinntí an Oifigigh Achomhairc ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Cuid 4 – Socruithe Eagraíochtúla agus Soláthair Foirne

Le linn na bliana 2016, ba é Rannán Riaracháin um Iascaigh Mara de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a chuir tacaíochtaí riaracháin agus foirne ar fáil don Údarás Ceadúnúcháin.

Mar a leanas na hacmhainní foirne a cuireadh ar fáil in 2016, seachas an tArd-Chláraitheoir agus an Leas Ard-Chláraitheoir:

2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin

3 Oifigeach Feidhmiúcháin

3 Oifigeach Cléireachais.

Ba chúnamh é freisin don Údarás Ceadúnúcháin agus é ag comhlíonadh a dhualgas an t-idirchaidreamh leanúnach leis an Rannán Beartas agus Forbartha Bia Mara den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mara, le hOifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO) den Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le Cláraitheoirí Loingis Áitiúla na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá mé fíorbhuíoch den Leas Ard-Chláraitheoir, an Dr. Deirdre Kelleher agus d'fhoireann an Údaráis Cheadúnúcháin, maraon leis na comhlachtaí eile thuasluaite, as ucht an cúnamh a thug siad dom dualgais an Údaráis a chomhlíonadh i rith na bliana 2016.

Kevin Moriarty
Ard-Chláraitheoir um Báid Iascaireachta Mara
Meitheamh 2017

Foscríbhinn 1.

Treoracha Beartais faoi alt 3(2)(b) den Acht Iascaigh (Leasú) 2003

1. Treoir Bheartais 1-2003
2. Treoir Bheartais 2-2003
3. Treoir Bheartais 1-2004
4. Treoir Bheartais 2-2004
5. Treoir Bheartais 3-2004
6. Treoir Bheartais 1-2005
7. Treoir Bheartais 2-2005
8. Treoir Bheartais 1-2006
9. Treoir Bheartais 1-2007
10. Treoir Bheartais 1-2008
11. Treoir Bheartais 1- 2011
12. Treoir Bheartais 2-2011
13. Treoir Bheartais1-2012
14. Treoir Bheartais 2-2012